Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Meitheamh 2020
(OR. en)

9265/20

COAFR 181
MAMA 83
CFSP/PESC 552
CSDP/PSDC 331
DEVGEN 89
SUSTDEV 82
ACP 64
CLIMA 134
ENV 389
COHOM 50
MIGR 60
WTO 113

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 30 Meitheamh 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8942/1/20 REV 1 |
| Ábhar: | An Afraic<br>- Conclúidí ón gComhairle (30 Meitheamh 2020) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Afraic, arna nglacadh tríd an nós imeachta i scríbhinn an 30 Meitheamh 2020.

**IARSCRÍBHINN**

## Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Afraic

### I. Comhpháirtíocht níos láidre idir an Afraic agus an tAontas

Is comhpháirtithe nádúrtha iad an Afraic agus an Eoraip, iad nasctha le chéile ina gcúrsaí staire, tíreolaíochta agus cultúir. Tá comhpháirtíocht ar leith idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach, atá bunaithe ar chomhluachanna agus ar thiomantas comhroinnte don lánpháirtiú réigiúnach agus don iltaobhachas éifeachtach.

Tá sé mar chuspóir ríthábhachtach beartais eachtraigh ag an Aontas an Afraic a bheith rathúil, síochánta agus athléimneach. Is é an tAontas príomh-chomhpháirtí na hAfraice sa trádáil agus san infheistíocht, sa tslándáil, san fhuinneamh, san aistriú glas, sa chomhar um fhorbairt agus sa chabhair dhaonnúil, agus i gcur chun feidhme Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe. Tá rún daingean ag an Aontas an caidreamh sin a neartú le Stáit na hAfraice agus leis an Aontas Afracach, agus comhpháirtíocht pholaitiúil níos láidre a chothú, a bheidh bunaithe ar leasanna agus gealltanais fhrithpháirteacha, ar chómhalartacht, ar fhreagracht chomhroinnte agus ar ghníomhaíocht chomhpháirteach, agus a fhreagróidh ar mhianta na hEorpa agus na hAfraice araon. Bunús sármhaith is ea an Teachtaireacht Chomhpháirteach *Towards a comprehensive strategy with Africa* [Ionsar straitéis chuimsitheach leis an Afraic] chun comhpháirtíocht uaillmhianach nua a thionscnamh leis an Afraic. Ócáid ríthábhachtach a bheidh sa chéad chruinniú mullaigh eile idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach chun cur chuige straitéiseach comhpháirteach cuimsitheach a athnuachan lena mbainfear na mianta sin amach.

Is go mór chun leas an Aontais comhpháirtíocht níos dlúithe fós a fhorbairt leis an Afraic maidir leis an méid seo a leanas:

- an t-iltaobhachas. Tá glórtha Afracacha agus glórtha Eorpacha araon ríthábhachtach i gcur chun cinn an oird idirnáisiúnta riailbhunaithe, chearta an duine, an smachta reachta agus an daonlathais;

- na síochána, na slándála agus na cobhsaíochta. Is chun sochar na hEorpa freisin ilchríoch na hAfraice a bheith síochánta agus athléimneach;

- an fhorbairt inbhuanaithe chuimsitheach. Is gá gníomhaíocht chomhchoiteann phráinneach i gcás dúshláin dhomhanda amhail an t-athrú aeráide, an t-aistriú glas, cosaint an chomhshaoil, caomhnú na bithéagsúlachta, an tsláinte dhomhanda agus an comhionannas inscne;

- an fás eacnamaíoch inbhuanaithe. Is féidir, le trádáil agus infheistíocht idir an Eoraip agus an Afraic, poist agus fás inbhuanaithe a chruthú ar an dá ilchríoch.

De dheasca phaindéim COVID-19 is soiléire arís go bhfuil gá le freagairt dhomhanda agus le comhpháirtíocht láidir idir an tAontas agus an Afraic. Agus an téarnamh ar siúl, beidh deis ann sochaithe níos fearr, níos glaise agus níos athléimní a thógáil. Molann an tAontas freagairt ghasta an Aontais Afracaigh chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim. Faoin gcur chuige '*Team Europe*', seasann an tAontas lena chomhpháirtithe Afracacha chun tacú leis an bhfreagairt dhaonnúil atá ar siúl faoi láthair, lena n-áirítear trí thionscnamh an Aontais maidir le hAerdhroichead Daonnúil, agus chun an tionchar socheacnamaíoch a mhaolú trí thacaíocht a thabhairt go háirithe do na tíortha is lú forbairt agus do na Stáit leochaileacha. Tá an tAontas ag obair i gcomhar lena chomhpháirtithe Afracacha uile chun córais phoiblí sláinte, uisce agus sláintíochta na hAfraice a neartú, mar aon le hacmhainní ullmhachta agus freagartha na hilchríocha sin. Áirítear leis sin, i measc nithe eile, tionscal na cógaisíochta agus na míochaine san Afraic a chur chun cinn, chomh maith le comhar a dhéanamh maidir le nuálaíocht agus taighde a dhéanamh ar ghalair thógálacha eindéimeacha. I bhfianaise thaithí leathan Stáit na hAfraice ar shrian a choinneáil ar phaindéimí, is féidir le comhroinnt eolais agus comhar, lena n-áirítear maidir le sláinte dhomhanda, a bheith tairbhiúil don dá chomhpháirtí. Tacóidh an tAontas leis an 'Luasaire maidir le Rochtain ar Uirlisí COVID-19' lena áirithiú go ndéanfar tástálacha, cóireálacha agus vacsaíní a leithdháileadh go cothrom ar phraghas réasúnta de réir mar a bheidh siad ar fáil. Céim thábhachtach eile chun brú a mhaolú agus freagairt níos gasta a dhéanamh is ea fionraí seirbhíse fiachais, arna cur chun cinn ag G7, G20 agus Club Pháras, agus ba cheart do na gníomhaithe uile í a chur chun feidhme go pras. Iarrann an tAontas an athuair freisin go ndéanfaí iarrachtaí comhordaithe idirnáisiúnta maidir le faoiseamh fiachais.

## II. Tosaíochtaí uaillmhianacha

Is mór ag an Aontas an rannpháirtíocht fhadtéarmach atá á déanamh aige lena chomhpháirtithe Afracacha. Is ar idirphlé, trédhearcacht, iontaofacht, cáilíocht, inbhuanaitheacht agus úinéireacht atá cláir agus infheistíochtaí an Aontais bunaithe. Seo a leanas na tosaíochtaí atá ag an gComhairle don chéad chéim eile den chomhpháirtíocht atá ag an Aontas leis an Afraic:

i) **An t-iltaobhachas agus an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe**: ag obair i gcomhar le chéile, is féidir leis an Aontas agus an Afraic tionchar níos mó a bheith acu ar an gclár oibre domhanda. Is bunchloch de bheartas seachtrach an Aontais é iltaobhachas éifeachtach a áirithiú a mbeidh na Náisiúin Aontaithe ag a chroílár. Tá an tAontas ag iarraidh a chomhpháirtíocht leis an Afraic a dhoimhniú chun an córas iltaobhach a chur chun cinn, a oiriúnú agus, i gcás inar gá, a athchóiriú. Chuige sin, is mian leis an Aontas an comhar agus an comhordú a threisiú a thuilleadh laistigh d'fhóraim iltaobhacha lena chomhpháirtithe san Afraic. Geallann an tAontas an athuair oibriú i gcomhar leis an Afraic lena áirithiú go n-urramófaí cearta uile an duine agus oibleagáidí dlí idirnáisiúnta eile ar fud an domhain, agus córas iltaobhach trádála oscailte riailbhunaithe a chur chun cinn, go sonrach trí athchóiriú EDT.

ii) Is réamhchoinníollacha iad **an daonlathas, an dea-rialachas, an smacht reachta, cearta an duine, an comhionannas inscne** agus sochaithe cuimsitheacha rannpháirteacha chun síoch※áin, cobhsaíocht agus forbairt inbhuanaithe a bhaint amach san Aontas agus san Afraic araon, agus chun nach bhfágfar aon duine ar leataobh. Is mian leis an Aontas feabhas a chur ar an idirphlé a dhéanann sé leis an Afraic d'fhonn na luachanna agus na prionsabail sin a neartú. I ndáil leis an méid sin, leanfaidh an tAontas de bheith i gcomhpháirtíocht leis an Aontas Afracach sna hiarrachtaí an Struchtúr Afracach um Rialachas a chur ar aghaidh. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh an tsochaí shibhialta agus daoine óga rannpháirteach agus sochaithe inbhuanaithe cuimsitheacha síochánta á dtógáil. Tá an méid a leanas bunriachtanach don fhorbairt inbhuanaithe, don fhás eacnamaíoch, don tsíocháin agus don tslándáil: an comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní, tairbhe iomlán a bheith á baint acu as cearta uile an duine, deireadh a chur le gach cineál idirdhealaithe agus eisiaimh, agus le gach cineál foréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe, agus rannpháirtíocht iomlán fhóinteach na mban agus na gcailíní. Tá an Chomhairle meáite i gcónaí ar chearta uile an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh, agus ar chur chun feidhme iomlán agus éifeachtach Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus Chlár Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt , agus ar thoradh a gcuid comhdhálacha athbhreithniúcháin, agus tá sí tiomanta i gcónaí do shláinte agus cearta maidir le gnéis agus atáirgthe sa chomhthéacs sin. Agus an méid sin á mheabhrú dó, athdhearbhaíonn an tAontas a thiomantas do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh cheart an uile dhuine smacht iomlán a bheith aige nó aici ar a mbaineann lena ngnéasacht agus lena sláinte ghnéis agus atáirgthe, saor ó leithcheal, ó chomhéigean agus ó fhoréigean mar aon leis an gceart atá ag gach duine cinneadh a dhéanamh gan bhac agus ar bhealach freagrach faoin méid sin. Leagann an Chomhairle béim freisin ar an ngá atá le rochtain a bheith ag gach duine ar fhaisnéis chuimsitheach, inacmhainne, ardchaighdeáin i leith sláinte ghnéis agus atáirgthe agus ar oideachas, lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéasachta, agus ar sheirbhísí cúraim sláinte.

**iii)** **An tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht**: á aithint di gur ar an Afraic atá an phríomhfhreagracht as an tsíocháin agus as an gcobhsaíocht a chur chun cinn ar an mór-roinn sin, rud a athdhearbhaíodh leis an tionscnamh '*Silencing the guns*', tá an tAontas ag cur dlús lena chuid tacaíochta d'iarrachtaí na hAfraice amhail an Struchtúr Afracach um Shíocháin agus um Shlándáil. Leis an Meabhrán Tuisceana idir an tAontas Afracach agus an tAontas Eorpach maidir leis an tSíocháin, leis an tSlándáil agus leis an Rialachas, athdhearbhaítear na naisc idir an tslándáil, an dea-rialachas agus an smacht reachta, chomh maith le cosc agus réiteach coinbhleachtaí. Díríonn an tAontas go háirithe ar chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta a chur chun cinn agus a áirithiú, lena n-áirítear rochtain dhaonnúil ar bhonn prionsabail. Tacaíonn an tAontas le cur chuige comhtháite atá bunaithe ar chearta an duine, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na héagobhsaíochta agus gníomhú ag gach céim den choinbhleacht. Leanfaidh an tAontas de chúnamh a chur ar fáil d'oibríochtaí tacaíochta síochána faoi stiúir na hAfraice. Tá sé tiomanta i gcónaí cumas chomhpháirtithe na hAfraice a neartú trí chomhar slándála, lena n-áirítear comhar míleata, bainistiú géarchéime, oiliúint, trealamh agus cistiú, agus oibleagáidí náisiúnta dlíthiúla agus bunreachtúla á n-urramú aige. Tá an tAontas faoi réir lena chomhar leis an Afraic a neartú, comhar lena rachfar i ngleic leis an méid a leanas: an sceimhlitheoireacht, an t-antoisceachas foréigneach, an choireacht mhuirí agus an phíoráideacht, sreabha aindleathacha arm agus sócmhainní airgeadais, an gháinneáil, an t-easáitiú éigeantach, an chibearchoireacht agus an bhréagaisnéis. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair leis an Afraic chun an comhar idir na Náisiúin Aontaithe, an tAontas Afracach agus an tAontas Eorpach a dhoimhniú. Athdhearbhaíonn an tAontas go dtacaíonn sé le cláir oibre na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, Síocháin agus Slándáil, maidir leis an Óige, le Síocháin agus le Slándáil, agus maidir le Cosaint Shibhialtach, agus maidir le coimirce chearta an linbh i gcásanna coinbhleachta armtha. Tacaíonn an tAontas le héileamh Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe ar shos comhraic domhanda.

iv) **An trádáil agus an infheistíocht**: ós ilchríocha comharsanacha iad, tá tairbhe frithpháirteach ag baint le fás eacnamaíoch inbhuanaithe cuimsitheach san Eoraip agus san Afraic. Cuireann tionchar tubaisteach COVID-19 ar gheilleagair na hAfraice béim ar an ngá atá le hinfheistíocht agus trádáil inbhuanaithe, agus le hearnáil phríobháideach a bheith níos láidre. Tá an tAontas faoi réir chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'éagsúlú eacnamaíoch agus do chlaochlú tionsclaíoch mhór-roinn na hAfraice. Ba cheart infheistíochtaí cómhalartacha agus infheistíochtaí laistigh den Afraic a spreagadh, go háirithe maidir le slabhraí táirgeachta a struchtúrú. Tá na Comhaontuithe um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch, agus comhaontuithe trádála eile de chuid an Aontais le comhpháirtithe na hAfraice, i measc na modhanna trínar féidir fás eacnamaíoch frithpháirteach a bhaint amach. Molann an tAontas seoladh Limistéar Saorthrádála Mór-Roinne na hAfraice (AfCFTA), a bhfuil sé d'acmhainn aige dlús a chur leis an trádáil laistigh den Afraic, agus fás inbhuanaithe agus poist chuibhiúla a chur chun cinn, agus a bhféadfadh comhaontú cuimsitheach saorthrádála idir an dá mhór-roinn a bheith mar thoradh air san fhadtéarma. Tacaíonn an tAontas le cur chun feidhme AfCFTA, agus tá sé réidh lena chuid saineolais a roinnt. Chun an caidreamh eacnamaíoch agus trádála idir an tAontas agus an Afraic a neartú, ní mór idirphlé leanúnach a dhéanamh maidir leis an timpeallacht ghnó agus maidir leis an timpeallacht infheistíochta, lena n-áirítear cothrom na Féinne sa gheilleagar, noirm agus caighdeáin, cosaint maoine intleachtúla agus tionsclaíche, bainistiú fónta airgeadais phoiblí, dul i ngleic leis an éilliú agus sreabha aindleathacha airgeadais, agus seachaint agus imghabháil cháin a chomhrac. Tá leas coiteann ag baint le hinfheistíocht a dhéanamh i gcórais nascachta inbhuanaithe, sa talmhaíocht, san iascach agus sa bhainistiú foraoisí. Bheadh comhar méadaithe sa taighde agus san eolaíocht, sa teicneolaíocht agus sa nuálaíocht mar chuid lárnach de na cuspóirí sin go léir.

v) **Infheistiú i ndaoine**: leanfaidh an tAontas de bheith ag infheistiú i ndaoine agus de bheith á gcumhachtú, go háirithe daoine óga, mná agus cailíní, chun tacú leis an bhfás inbhuanaithe agus chun leas a bhaint as an díbhinn dhéimeagrafach. Chuige sin, tá gá le hiarrachtaí breise chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus le neamhionannais shocheacnamaíocha atá ag dul i méid, agus chun an teacht aniar a neartú, go háirithe i measc na ndaoine is leochailí. Is réamhriachtanas é d'ionchas daoine óga don todhchaí go mbeidh rochtain ag cách ar oideachas ardcháilíochta cuimsitheach cothrom lena n-áirítear ardoideachas agus gairmoiliúint a fhreagraíonn ar riachtanais na margaí áitiúla. Ba cheart béim ar leith a leagan ar an ngá is mó agus ar an áit ar féidir an tionchar is mó a imirt, go háirithe sna Tíortha is Lú Forbairt agus i staideanna leochaileachta agus coinbhleachta. Ina theannta sin, cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá aghaidh a thabhairt ar éagsúlacht staideanna agus ar dhúshláin shonracha tíortha a théann ó stádas íseal-ioncaim go stádas meánioncaim.

vi) **An t-aistriú glas**: tá gá le gníomhaíocht chomhchoiteann chun an t-athrú aeráide agus an díghrádú comhshaoil a stopadh. Is comhghuaillithe fíorthábhachtacha iad an tAontas agus an Afraic a thacaíonn le Comhaontú Pháras agus lena chur chun feidhme iomlán, a chuireann leibhéal níos airde uaillmhéine chun cinn sa ghníomhaíocht ar son na haeráide agus a aistríonn sreafaí airgeadais. Tá sé ríthábhachtach comhordú feabhsaithe a dhéanamh in oirchill Chomhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (COP-26), a thionólfar an bhliain seo chugainn, chun an cuspóir bunriachtanach domhanda seo a bhaint amach. Tá an tAontas faoi réir chun tacaíocht leantach a thabhairt do chur chun feidhme straitéisí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha chun astaíochtaí a laghdú agus d'fhorbairt na bpleananna oiriúnaithe náisiúnta um an athrú aeráide. Is mór an poitéinseal atá ag comhpháirtíocht fheabhsaithe ghlas idir an tAontas an Afraic i réimsí amhail fuinneamh glan in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh, bainistiú uisce, córais iompair agus infheistíochtaí glasa eile chun fás eacnamaíoch agus poist a chruthú ar an dá ilchríoch. Tá an tAontas ag féachaint le borradh a chur faoina chomhar leis an Afraic maidir le haistriú cuimsitheach cóir a bhainistiú, lena ndírítear ar aeráidneodracht agus ar gheilleagar ciorclach, mar aon le bainistiú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha. Is mian leis an Aontas, agus leochaileachtaí agus acmhainneachtaí sonracha á gcur san áireamh aige ag an am céanna, réitigh nuálacha a fhorbairt in éineacht leis an Afraic chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas acmhainní, ar chailliúint na bithéagsúlachta, ar fhairsingiú fásaigh agus ar an oiriúnú don athrú aeráide. Is fearr is féidir leis an Aontas agus leis an Afraic rialachas inbhuanaithe na n-aigéan a chur chun cinn má oibríonn siad i gcomhar lena chéile. Is féidir leis an Aontas agus leis an Afraic aghaidh a thabhairt a thuilleadh ar na dúshláin a bhaineann le huisce, agus ról an uisce á chur chun cinn acu mar bhunchloch ríthábhachtach san athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch, go háirithe i gcomhthéacs na slándála bia agus cothúcháin.

vii) **An t-aistriú digiteach**: is mian leis an Aontas obair i gcomhar leis an Afraic chun fís a fhíorú ina mbeidh geilleagar agus sochaí digiteach cuimsitheach agus iad bunaithe ar phrionsabail chomhchoiteanna. Tacaíonn an tAontas le huaillmhian na hAfraice i leith claochlú digiteach agus lena hiarrachtaí chun réitigh nua a cheapfar san Afraic a fhorbairt chun dlús a chur leis an ngeilleagar digiteach. Is féidir leis an Aontas agus leis an Afraic, in éineacht le geallsealbhóirí ábhartha ó na hearnálacha poiblí agus príobháideacha, ón tsochaí shibhialta agus ón lucht acadúil, aghaidh a thabhairt ar na deiseanna agus na dúshláin atá i gcoiteann acu i ndáil le todhchaí dhigiteach a bhunú. San áireamh leis sin tá comhoibriú i réimse na cibearshlándála agus na sláine daonlathaí, an deighilt dhigiteach a dhúnadh, bochtaineacht sonraí a chomhrac, páirt a ghlacadh sa trádáil dhigiteach, digitiú don fhorbairt a chur chun cinn, scileanna digiteacha a fheabhsú agus cearta an duine agus na saoirsí bunúsacha a chosaint ar líne. Is féidir leis an Aontas Eorpach agus leis an Afraic obair i gcomhar lena chéile freisin i ndáil le réitigh r-rialachais chun cuidiú le héifeachtúlacht, cuntasacht agus inrochtaineacht sheirbhísí an rialtais a neartú.

**viii)** **Gné an duine**: i gcroílár na comhpháirtíochta ilgheallsealbhóra idir an tAontas agus an Afraic tá cur chuige atá dírithe ar an duine lena n-aithnítear an luach atá ag an leas a éiríonn as teagmhálacha idirphearsanta agus as caidrimh le gníomhaithe áitiúla, agus lena n-áirithítear rannpháirtíocht ghníomhach na sochaí sibhialta. Tá ról na ndiaspóraí, san Eoraip agus san Afraic, ríthábhachtach i dtaca le hidirphlé agus le comhthuiscint idirchultúrtha níos fearr a chur chun cinn. Baineann tuilleadh poitéinsil le cláir mhalartaithe, soghluaisteacht mac léinn agus taighdeoirí, comhpháirtíochtaí oideachais agus eolaíochta, scoláireachtaí, nascacht gníomhaíochtaí nasctha a mhéadú agus malartuithe cultúrtha, idirphlé idirchultúrtha agus éagsúlacht teanga a chur chun cinn. Tá rún daingean ag an Aontas gach cineál ciníochais, idirdhealaithe chiníoch, seineafóibe agus éadulaingthe gaolmhaire a chomhrac, laistigh agus lasmuigh dá theorainneacha.

**ix)** Gabhann idir dheiseanna agus dúshláin leis **an imirce agus leis an tsoghluaisteacht**, bíodh sin laistigh den dá ilchríoch nó eatarthu. Teastaíonn uathu sin cur chuige cothrom comhleanúnach cuimsitheach a threoraítear le prionsabail na dlúthpháirtíochta, na comhpháirtíochta agus na freagrachta comhroinnte, i gcomhréir le hinniúlachtaí an Aontais agus inniúlachtaí náisiúnta, mar aon le hurraim don dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear cearta an duine. Tá gá le comhar neartaithe idir an tAontas agus an Afraic chun dul i ngleic le bunchúiseanna an easáitithe éigeantaigh agus na himirce neamhrialta, acmhainní cosanta a fheabhsú sa réigiún, an imirce neamhrialta a chosc, smuigleáil imirceach agus líonraí gáinneála ar dhaoine a chomhrac, athligean isteach, filleadh agus athimeascadh a éascú, cosaint idirnáisiúnta a áirithiú agus bealaí dleathacha na himirce a úsáid. Ba cheart, leis an idirphlé maidir leis an imirce agus leis an tsoghluaisteacht ar an leibhéal ilchríochach, réigiúnach agus déthaobhach, i gcás inarb ábhartha, aghaidh a thabhairt a thuilleadh ar ghnéithe laistigh de na hilchríocha agus eatarthu. Tá an tAontas den tuairim go mba cheart costas na seoltán a laghdú a thuilleadh.

## III. I dtreo straitéis chomhpháirteach bunaithe ar chuspóirí comhchoiteanna

Beidh na míonna seo chugainn tábhachtach don chaidreamh idir an tAontas agus an Afraic amach anseo. Sna cruinnithe ardleibhéil idir ilchríocha atá ar na bacáin, beidh deis ann a bheith ag comhoibriú i dtreo comhpháirtíocht athnuaite a bheidh bunaithe ar chómhalartacht, leasanna comhroinnte agus luachanna comhchoiteanna. Beidh ar an Aontas agus a chomhpháirtithe Afracacha comhleanúnachas a áirithiú le comhaontuithe atá ann cheana agus a bheidh ann sa todhchaí, lena n-áirítear an comhaontú a thiocfaidh in áit chomhaontú Cotonou. Chun bonn comhionann a sholáthar do na hullmhúcháin a dhéanfar amach anseo, ba dhíol sásaimh don Aontas tionscnamh óna chomhpháirtithe Afracacha ina leagtar amach a leasanna agus a n-ionchais don chomhpháirtíocht sa todhchaí. Tá an tAontas ag tnúth le dlús a chur le malartú oscailte cuimsitheach leis na saoránaigh, leis an tsochaí shibhialta, leis an diaspóra, le daoine óga, leis an earnáil phríobháideach agus le smaointeoirí agus cinnteoirí ardleibhéil ón dá ilchríoch. Tá sé ag tnúth le bheith ag obair le húdaráis na hAfraice, le linn an Chruinnithe Aireachta idir an tAontas Afracach agus an tAontas Eorpach atá ar na bacáin agus ar ócáidí eile chomh maith, d'fhonn tionscnaimh chomhpháirteacha uaillmhianacha nithiúla a bhaint amach lena ndéanfar den Chruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach i mí Dheireadh Fómhair garsprioc ar an mbealach chuig comhpháirtíocht níos doimhne agus níos láidre, a bheidh ag teacht le huaillmhianta na hEorpa agus na hAfraice.